

Duanaire an Chéid

Gearóid Denvir
a chuir in eagar



Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chló 2000
An Dara Cló 2003
An Tríú Cló 2005
An Ceathrú Cló 2008

© Na hÚdair/Cló Iar-Chonnachta Teo. 2000

ISBN 1 902420 75 5 / 978-1-902420-75-2

Sa tsraith chéanna
Gearrdhrámaí an Chéid ISBN 1 902420 31 4 (crua)
Gearrscéalta an Chéid ISBN 1 902420 40 3 (bog)
Rogha an Chéid (sraith iomlán) ISBN 1 902420 34 9

Ealaín chlúdaigh: Tim Stampton
Dearadh clúdaigh: Johan Hofsteenge
Dearadh: Foireann CIC



Bord na
Leabhar
Gaeilge

Tugann Bord na Leabhar Gaeilge
tacaíocht airgid do Chló Iar-Chonnachta



Tugann An Chomhairle Ealaíon cabhair airgid
do Chló Iar-Chonnachta

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priortáil: Future Print, Baile Átha Cliath 13

Clár

<i>Réamhrá</i>	11
Piaras Béaslaí	
An Fiach Dubh	39
Osborn Bergin	
Wanderlust	41
Colm Breathnach	
Dán do Scáthach	42
Gráinne agus Diarmaid	44
Macha	46
Pól Breathnach	
An Uachais	47
Deirdre Brennan	
Seoda Cuimhne	49
Bríd Dáibhís	
Duitse gach Dúil	51
Michael Davitt	
An Ghrian i Ráth Maonais	52
Báisteach	53
I gCuimhne ar Sheán de hÓra † 1989	56
Lúnasa	58
Celia de Fréine	
Stórtha Arda	59
Louis de Paor	
An Seomra Codlata	60
Glaoch Gutháin	64
Thar Am	66
Uabhar an Iompair	68
Conleth Ellis	
Naoi dTimpeall	69
Thàinig mo Rìgh air Tìr am Muideart	71

Liam S. Gógan	
Liobharn Stáit	73
Na Coisithe	75
Michael Hartnett	
An Dobharchú Gonta	76
Fís Dheireanach Eoghain Rua Uí Shúilleabháin	77
Liam Hodder	
Ár nÁit	78
Whacker	80
Seán Hutton	
Máireoigín an Oilc	82
Biddy Jenkinson	
Amhrán Mhis ag Grianstad an Gheimhridh	83
Aubade	86
Éiceolaí	87
Uisce Beatha	88
Jackie Mac Donnacha	
Roy Rogers agus na hOutlaws	89
Gearailt Mac Eoin	
An tEarrach mar Bhanphrionsa	91
Pádraig Mac Fhearghusa	
Dála Actaeon	92
Micheál Mac Liammóir	
Na Cait	94
Gearóid Mac Lochlainn	
Brionglóid Dheireanach Chrazyhorse	98
Pádraig Mac Piarais	
Fornocht do Chonac Thú	101
Tomás Mac Síomóin	
Eitilt	102
Níl in Aon Fhear ach a Fhocal	104
Oisín: Apologia	106
Caitlín Maude	
An Mháthair	108

Máire Mhac an tSaoi	
Ceathrúintí Mháire Ní Ógáin	110
Jack	114
Nuala Ní Dhomhnaill	
Ag Tiomáint Siar	115
An Bhatráil	116
Geasa	118
I mBaile an tSléibhe	119
Leaba Shíoda	121
Áine Ní Fhoghlú	
Slán Chugat Thoir	123
Áine Ní Ghlinn	
An Chéim Bhriste	124
Máire Ní Thuama	
Réadúlacht	126
Máire Áine Nic Gearailt	
Sicisintiséis	128
Breandán Ó Beacháin	
Guí an Rannaire	130
Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha	
Raiftearaí agus an File	131
Caoimhín Ó Conghaile	
Préludes	138
Pádraig Ó Croiligh	
Tá Ealaín ins an Mhóin	142
Micheál Ó Cuaig	
Inbhear	143
Uchtóga	145
Seán Ó Curraoin	
Beairtle	146
Toghadh na bhFataí	149
Máirtín Ó Direáin	
Blianta an Chogaidh	151
Cranna Foirtíl	153

Gleic mo Dhaoine	154
Ó Mórna	155
Diarmaid Ó Doibhlin	
Bata Draighin	162
Joe Shéamais Sheáin Ó Donnchadha	
An Gráinneach Mór	164
Pádraig Ó Duinnín	
Caoineadh do Mhícheál Breathnach	173
Learaí Ó Finnadhá	
An Gruagach Ríbeach	178
Diarmaid Ó Gráinne	
An Ghrian is an Ghealach	180
Pádraig Ó hÉigearthaigh	
Ochón, a Dhonncha	181
Seán Ó Leocháin	
Lámha	183
Seán Ó Lúing	
Uaigneas Comórtha	184
Art Ó Maolfabhail	
Buailéann an Dúchas Bleid ar an Mheabhair	186
Pádraig Ó Miléadhá	
Trí Glúine Gael	187
Réamonn Ó Muireadhaigh	
Siollaí na hÁilleachta	190
Liam Ó Muirthile	
An Ceoltóir Jazz	192
An Cúrsa Buan	193
Caoineadh na bPúcaí	194
Carraig Aifrinn	195
Ceolta Óir	196
Joe Steve Ó Neachtain	
Faoiseamh	197
Séamus Ó Néill	
Mórtas Dálach	199

Seán Ó Ríordáin	
Adhlacadh mo Mháthar	200
An Stoirm	202
Fill Arís	203
Oileán agus Oileán Eile	204
Siollabadh	209
Mícheál Ó Ruairc	
Píobaire na mBan	210
Cathal Ó Searcaigh	
Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr	212
Cor Úr	214
Cré na Cuimhne	215
Níl Aon Ní	220
Mícheál Ó Siadhail	
Seanchas	221
Derry O'Sullivan	
Marbhghin 1943: Glaoch ar Liombó	223
Eoghan Ó Tuairisc	
Aifreann na Marbh	225
Oíche Nollag	236
Seán Ó Tuama	
Christy Ring	239
Liam Prút	
Iomramh	242
Gabriel Rosenstock	
Clog	243
Teilifís	244
Eithne Strong	
Fáilte Romhat Isteach	245
Tomás Tóibín	
Fodhomhan	247
<i>Foinsí</i>	249
<i>Tagra don Réamhrá</i>	254

Réamhrá

Is é atá sa duanaire seo an céad dán Gaeilge de chuid an fichiú haois is fearr leis an eagarthóir. Ach an oiread leis an tochas, is galar gan náire an fhilíocht agus is cinnte nach lia léitheoir ná tuairim i dtaobh na rogha atá déanta. Cá bhfios, fiú, dá n-iarrfaí ar an eagarthóir céanna bualadh faoin gcúram seo faoi cheann deich mbliana eile gurbh é an rogha chéanna a d'fheicfí dá thoradh? Dánta mar ráitis shuntasacha chruthaitheacha iontu féin seachas saothar le filí ar leith a roghnaíodh. B'fhurasta roinnt dánta le riar áirithe filí a roghnú ó thréimhsí éagsúla de chuid an chéid, nó sin fiú, roinnt dánta le chuile fhile, nó cuid shuntasach díobh, a d'fhoilsigh cnuasach le linn an chéid. B'fhurasta chomh maith féachaint le freastal ar aidhmeanna eile seachas fiúntas sainiúil na ndánta féin: sampla ionadaíoch de shaothar 'scothfhilí' na tréimhse a roghnú; saothar a léireodh forás stairiúil agus liteartha an chéid a chur i láthair trí shraith dánta in ord croineolaíoch a gcéadfhoilsithe ina leaganacha deifnídeacha i gcnuasaigh; cothromaíocht idirchanúna a chinntiú; a 'gceart' a thabhairt do bhanfhilí, d'fhilí Gaeltachta, d'fhilí cathrach, d'fhilí aeracha, mar shampla.

Ní hé sin cur chuige an duanaire seo. Baineadh gaisneas as slata tomhais aeistéitiúla agus ealaíne amháin sa roghnú a rinneadh. Má fhágann sin go mbaineann tromlach na ndánta anseo thíos leis an tréimhse ó dheireadh na seascaidí anuas is ráiteas ann féin an méid sin, b'fhéidir, faoin bhforás a tháinig ar an bhfilíocht sa tréimhse atá i gceist. Is cinnte go bhfágann an leagan amach seo riar dánta ó fhilí aon dáin sa duanaire, filí nár scríobh mórán filíochta riamh roimh an dán áirithe sin ná go deimhin ó shin – Pádraig Ó hÉigeartaigh, Breandán Ó Beacháin agus Máire Ní Thuama, mar shampla. Fágann sé chomh maith go bhfuil riar dánta ann ó fhilí aon chnuasaigh a thug seal faoin bhfilíocht ach nár shaothraigh an cheird go

leanúnach ina dhiaidh sin. Barr air sin, fágann sé filí áirithe ar lár ar fad a shaothraigh tamall nó atá fós ag saothrú leo go díograiseach i ngort na filíochta agus a bhfuil saothar suntasach saoil curtha ar fáil ag cuid acu i líon maith cnuasach – filí *manqués* d’eagarthóirí nó de chriticí san áireamh!

An méid sin ráite faoi aidhm agus modh eagarthóireachta an tsaothair seo, áfach, is léar san am céanna go gcaithfeadh sé a bheith mar thoradh tánaisteach ar a laghad ag duanaire mar seo léargas ionadaíoch, fiú stairiúil, a bheith ann ar fhilíocht na tréimhse atá i gceist. Ina theannta sin, is léar gurb ionann dán le file ar bith a roghnú agus aitheantas agus ómós don cheardaí chomh maith leis an déantús. Ar an ábhar sin, ní foláir gurb ionann, abair, ceithre nó cúig dhán le file a roghnú agus aitheantas ar leith don fhile sin thar, mar shampla, file nach roghnaítear ach dán amháin leis. Beartaíodh gan níos mó ná cúig dhán le file ar bith a chur san áireamh, arae dá roghnófaí, abair, scór dánta le Seán Ó Ríordáin, le Cathal Ó Searcaigh nó le Nuala Ní Dhomhnaill, le triúr de ‘mhórfhilí’ na haoise a lua, chuirfeadh sin cothromaíocht an duanaire as a riocht ar fad.

Ní ‘Scoth-100’ in ord feabhais fearacht phopchairteacha ár linne ná liosta dánta le marc moltóra i gcomórtas atá sa rogha seo ach an oiread. Ina dhiaidh sin féin, is minic gur ráiteas ann féin ord foilsithe dánta i nduanaire den chineál seo. Is iondúil go leantar ord croineolaíoch de shórt éigin: dáta breithe an fhile nó dáta foilsithe dánta i gcnuasach. Cothaíonn sin deacrachtaí áirithe, dar liom. Céard ba cheart a dhéanamh i gcás file a bhfuil níos mó ná cnuasach amháin i gcló leis? Má chuirtear an saothar i ndiaidh a chéile cailltear an léargas stairiúil. Má scartar ó chéile na dánta a roghnaítear ó chnuasaigh éagsúla cailltear aon léargas cuimsitheach ar an saothar ann féin. Agus maidir le filí comhaimseartha nó filí de chuid na glúine céanna, an ionann tús áite sa duanaire agus luacháil feabhais? Ar an ábhar sin, beartaíodh dánta an duanaire seo a chur i láthair de réir ord aibítire shloinne na bhfilí, agus sa chás go bhfuil níos mó ná dán

amháin ann leis an bhfile céanna, cuirtear na dánta i láthair de réir ord aibítre na dteideal.

Deacracht eile fós a bhíos roimh eagarthóir ar bith is ea ceist na ndánta fada agus na sraithdhánta, leithéidí *Aifreann na Marbh*, *Trí Glúine Gael* agus *Beairtle*, mar shampla. Bíodh is gur sárphíosáí filíochta iad ar fad a bhfuil aontacht shoiléir aeistéiticiúil, théamúil agus struchtúrtha le sonrú orthu, tá a leithéid chomh fada ina n-iomláine go gcuirfidís an duanaire as a riocht chomh maith. Dá réir sin, beartaíodh gan ach sleachta ionadaíocha a chur i láthair anseo. Ceist eile fós ba ghá a réiteach ná teorainneacha ama an duanaire go mórmhór sa ré seo ina bhfuil bunáite na ndaoine ag dul amú ar cheartbhliain tosaigh na mílaoise féin. Beartaíodh tús a chur leis an duanaire le tréimhse na hAthbheochana Liteartha i dtús an fichiú haois nuair a féachadh le nuafhilíocht a chur ar fáil sa Ghaeilge i gcéadair. Fágann sin nach bhfuil saothar leithéid Choilm de Bhailís, a maiseodh a rídhán ‘Cúirt an tSrutháin Bhuí’ duanaire ar bith, san áireamh bíodh is nár foilsíodh a chuid amhrán den chéad uair go dtí 1904 agus gur mhair an file féin go dtí 1906. Baineann a shaothar seisean, agus saothar leithéid Bhob Weldon (1835-1914) sna Déise, leis an naoú haois déag ó thaobh ábhair, foirme, meoin agus feidhme. Ach tá a sliocht liteartha araon san fhichiú haois anseo thíos – na filí pobail Joe Sheamais Sheáin Ó Donnchadha, Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha, Learáí Phádraic Learáí Ó Finneadha agus Pádraig Ó Miléadha – gan trácht ar thionchar díreach a leithéidí ar shaothar filí eile Gaeltachta mar Sheán Ó Lúing, Seán Ó Curraoin, Máire Áine Nic Gearailt agus Micheál Ó Cuaig.

Buaicphointí atá i ndánta an duanaire seo a sheasfas, dar liom, teist scéalaíocht na haimsire agus a léifear le pléisiúr agus le hiontas chúns a bheas an Ghaeilge féin á léamh. Bréagnaíonn siad dearbhú Uí Chadhain in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* go bhfuil an iomarca éascaíochta ag roinnt le cumadh na filíochta agus nach bhfuil i bhfilíocht Ghaeilge a linne féin den chuid is mó ach ‘liricí deasa neamhurchóideacha ocht líne’. Bhí

a shainleagan féin ar an scéal seo ag Alan Titley, mar is dual dó, sa cheangal a chuir sé lena aiste ‘Clocha Saoirsinne agus Bláithíní an tSléibhe’:

I gcás na Gaeilge is é an scéala
na figiúirí go léir ní féidir a shéanadh
go bhfuil triúr filí fós in aghaidh gach scríbhneora
(agus fiú más fíor go scríobhann siad go léir seoda
rud is éadócha is a chreidiúint ní fhéadaim)
táimid go léir inár gcónaí faoi scáth an túr éabhair
amhail is dá mba thuas ann a bhí dúchas na Gaeilge.
(*Chun Doirne: Rogha Aistí*, lch 55)

Gan bhuíochas den leagan amach sin ar an scéal, creidim gur cúis cheiliúrtha atá i gcéad dán seo an chéid a léiríod beocht, fuinneamh, scóipiúlacht agus cumas cruthaitheach ar dheacair a leithéid a thuar do theanga a bhí ag saothrú an bháis agus filí thús an chéid sin ag bualadh faoi athbheochan na ceirde dúchais.

Glactar leis coitianta gurbh é *Ubhla den Chraoibh* Dhubhghlais de hÍde, a foilsíodh i 1901, an chéad chnuasach filíochta Gaeilge riamh i gciall nua-aoiseach an fhocail, a thug guth i gcéaduaire, dá laige féin í, do nuafhilíocht na Gaeilge. Ainneoin chorrscail shuntasach chruthaitheachta as sin go dtí foilsiú chéadchnuasach Uí Dhireáin, *Coimhle Geala*, i 1942, is beag filíocht de rath a cumadh le linn chéadghlúin liteartha sin na haoise. Tá a bhfuil ann di breac le traidisiúnaíochas iardhearcach a mhóras seansaol útóipeach na nGael mar a samhlaítear é don fhile mar urlabhraí de chuid ghluaiseacht na hAthbheochana. Tráchtar inti ar shaol an Ghaeilgeora, ar Chonradh na Gaeilge, ar thurais chuig an nGaeltacht, ar mhíoneachtraí i saol pobail áitiúil. Moltar an ghluaiseacht náisiúnta sairse agus an Ghaeilge féin, agus cáinteas dá réir sin an seoinín gallda agus a mháistir, Seán Búí. Tá an saothar seo lán de dhóchas agus de mhisneach do-chreidte, do-chloíte, soineanta a d’eascair as spiorad na hathghabhála a bhí an cine dúchais mar a fathas dóibh féin é a

dhéanamh ar a n-oidhreacht dhlisteanach stairiúil san am. Is deacair, áfach, a mhaíomh gur filíocht a bunáite i gciall ar bith den fhocal!

Mar a dhearbhaigh Frank O'Brien in *Filíocht Ghaeilge na Linne Seo*, ba é an Píarsach an chéad duine den ghlúin seo a scríobh filíocht inchreidte sa chéad phearsa, ach níl againn ar fad uaidh ach dornán beag dánta i ndeireadh thiar thall. Shaothraigh Liam S. Gógan an fhilíocht go dícheallach leanúnach óna chéad chnuasach ceannródaíoch *Nua-Dhánta* (1919) go dtí *Duanaire a Sé* (1966), agus is é an dán dea-shnoite, ceardúil, saothraithe, ardliteartha, más róléannta féin, gona núáil teanga agus foirme a fuineadh as an tseanteanga liteartha is mó a d'fhág sé mar oidhreacht ina dhiaidh. Tá sofaisticiúlacht nua-aoiseach cathrach, súil leathghéar, leathíoróineach ar an saol ina thimpeall, agus dearcadh láidir iarchoilíneach mar a thabharfaí inniu air, le sonrú ar a shaothar fré chéile, mianach a bhí sách gann i saothar a chomhaimsearthach i dtús a ré mar fhile go mórmhór. Baineann éacht ceapadóireachta Phádraig Uí Mhiléadha, *Trí Glúine Gael* (a foilsíodh i gcéaduair i 1953, ach a scríobhadh i 1944), le céadghlúin na nuafhilíochta ó thaobh ábhair agus foirme, fearacht na coda eile dá shaothar scóipiúil. Ní bhfuair an dán fada cumasach seo, ach an oiread le hiarracht fhada eile uaidh, *An Fiannaidhe Fáin* (1934), a cheart riamh ó lucht na critice, agus is ar amhráin dá chuid ar nós 'Sliabh Geal gCua na Féile' nó 'Na Tincéirí' is mó a chuimhnítear anois. Tarraingíonn sé ar mhodhanna reacaireachta scothfhillíocht Chúige Mumhan san ochtú haois déag in *Trí Glúine Gael* d'fhonn léargas bunúil géarchúiseach a thabhairt ar phobal cloíte a bhí i mbun athghabhála go neamhleithscéalach ar a oidhreacht féin. Rianaíonn sé scéal an phobail sin, agus a scéal pearsanta féin ina orlaí tríd, trí shúile duine de chuid na cosmhuintire in imeacht na dtrí glúine de stair na tíre ó aimsir a sheanathar i dtosach an naoú haois déag anuas go dtí urlár a lae féin. Ceann de mhórbhuanna an tsaothair, dar liom, an chaoi a n-éiríonn leis an bhfile dul i ngleic leis an saol iarbhrí

comhaimseartha i ndeireadh an dáin ar bhealach atá inchreidte agus réalaíoch amach is amach gan aon athrú ná feall ar stíl na reacaireachta mar a bhí ó thús an dáin, rud is léar sna sleachta atá sa duanaire seo. Eisceachtaí suntasacha ar an gcuma chéanna fearacht shaothar na bhfilí thuasluaite, buaicphointí lena linn féin, is ea na dánta anseo thíos le Piaras Béaslaí, Osborn Bergin, Áine Ní Fhoghlú agus Pádraig Ó Duinnín, agus ní miste iad a cheiliúradh dá réir sin, arae is é a chruthaigh céadghlúin sin na héigse ar deireadh thiar go bhféadfaí filíocht a chumadh athuair i dteanga a bhí fós féin i mbéal an bháis mar theanga labhartha agus liteartha.

Más cúraimí pobail seachas pearsanta, maille le ceisteanna teanga agus cultúir, a bhí ag dó na geirbe ag filí na hAthbheochana den chuid is mó, is é atá i saothar na glúine a lean allagar intleachtúil trí mheán an Fhocail leis an saol ina dtimpeall. Seo iad an ghlúin, i bhfriotal Uí Ríordáin ina dhán ‘Na hÓinmhidí’, a baisteadh i gCreideamh an Fhocail. Seo iad an dream a mhair i ré dhearóil, i *wasteland* lán *Angst* agus *ennui* na mblianta iarchogaidh. Níor leor feasta an leagan amach simplíoch, neamhcheistitheach, traidisiúnaíoch ar an saol. Ní tuairisc ná reitric ná dánta molta teanga agus tíre a bheadh feasta faoi rath ach imeachtaí na haigne a bhí cromtha le ceist. Má b’ionann filíocht agus feiceáil sa tseanré, b’ionann anois í agus athchruthú agus athleagan ar an saol trí shúile file, *imbis forasna* na ré úire. Saothar scóipiúil, dúshlánach, ceannródaíoch a chuir na rí-éigis i measc na glúine seo ar fáil. Má ba mhisniúil é dúshlán na chéad ghlúine faoi chumhacht na hImpireachta, b’amhlaidh don athghlúin a thug dúshlán cheartchreideamh an réimis nua dhúchais ar mhórán bealaí. Ba mhisniúil an seasamh, mar shampla, *non serviam* Uí Ríordáin atá le léamh ar chuile fhocal de *Eireaball Spideoige* a foilsíodh i 1952 go gairid tar éis chonspóid Bhille an Linbh agus na Máthar. Níor thaise é do ráiteas paiseanta collaí reacaire *Margadh na Saoire* Mháire Mhac an tSaoi a foilsíodh i 1956 mar is léar ó dhán cumasach ar nós ‘Ceathrúintí Mháire Ní Ógáin’ thíos – agus an méid sin ó fhile mná! Bean ag feadaíl nó ag filíocht, arú!

D'aithin Frank O'Brien mianach 'thriúr mór na nuafhilíochta', Ó Ríordáin, Ó Direáin agus Mac an tSaoi, in *Filíocht Ghaeilge na Linne Seo*, an chéad saothar critice leabharfhada faoi nuafhilíocht na Gaeilge, a foilsíodh i 1968. San am céanna, áfach, thug sé le tuiscint gur bheag eile ar fónamh a bhí á scríobh le linn na tréimhse 1939-1962. Tharla chomh maith gur bheag saothar eile critice de rath a bhí ar fáil sa Ghaeilge i réimse na filíochta, choinnigh an chanóin eisiatach bhrianaich seo saothar suntasach comhaimseartha le filí eile ó shúile lucht léite agus pléite na filíochta cuid mhaith agus chinntigh sé nach mbronnfaí an teideal 'mórfhile' ar aon duine eile de chuid na haimsire sin. Chinntigh sé freisin go gcreidfeadh glúin i ndiaidh glúine de scoláirí ollscoile nach raibh de nuafhilíocht sa Ghaeilge ach saothar an triúir sin. Thug O'Brien beagán aitheantais, ach é ar easpa théagar machnaimh agus anailíse, do Thomás Tóibín agus Pearse Hutchinson, ach bhí saothar suntasach filíochta á fhoilsiú go leanúnach chomh maith in irisí mar *Comhar* agus *Feasta* ag Seán Ó Tuama, Micheál Mac Liammóir, Eoghan Ó Tuairisc agus Art Ó Maolfabhail, mar shampla, i ndeireadh na gceathrachaidí agus i gcaitheamh na gcaogaidí agus na seascaidí. Is deacair a thuiscint go bhféadfadh dán chomh cumasach le 'Aifreann na Marbh', a foilsíodh in *Feasta* i mí Eanáir, 1963, imeacht gan a thuairisc ón mBrianaich. Tugadh leaba i measc na n-éigeas don drong seo ar fad, gan dabht, in *Duanaire Nuafhilíochta* Uí Bhriain i 1969, ar compánach é do *Filíocht Ghaeilge na Linne Seo*, ach b'aitheantas gan anailís an méid sin. Tháinig bláth suntasach ar shaothar na bhfilí seo i mblianta tosaigh na seascaidí le foilsiú riar mhaith cnuasach tábhachtach: Seán Ó Tuama, *Faoileáin na Beatha* (1962), Seán Ó hÉigearthaigh, *Cama Shiúlta* (1964), Art Ó Maolfabhail, *Aistí Dána* (1964), Micheál Mac Liammóir, *Bláth agus Taibhse* (1964), Réamonn Ó Muireadhaigh, *Athphreabadh na hÓige* (1964), agus Eoghan Ó Tuairisc, *Lux Aeterna* (1964).

Fágann bláthú seo na filíochta sna seascaidí nach fás thar oíche, gan fréamhacha in ithir bhisiúil, a bhí i saothar na glúine

dá ngairtear *Innti* ó dheireadh na seascaidí ar aghaidh. Go deimhin féin, bhí nasc soiléir idirghlúine ann sa méid go raibh an Ríordánach ina scríbhneoir cónaitheach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Michael Davitt, Liam Ó Muirthile, Nuala Ní Dhomhnaill, Gabriel Rosenstock agus riar filí óga eile, ag dul i mbun pinn san institiúid sin i gcéadair. Agus má bhaist an Tuamach *pied piper* na gluaiseachta ar Davitt, b'fhéidir nár mhiste an chraobh sin a bhronnadh air féin, tharla é a bheith ina Léachtóir i Roinn na Gaeilge sa Choláiste ag an am, agus saothar ceannródaíoch á sholáthar aige i réimsí na critice, na drámaíochta agus na filíochta Gaeilge, gan trácht ar a raibh de phlé dhúshlánach á déanamh ina chuid ranganna ós múinteoir den scoth a bhí ann freisin.

Más ceisteanna tromchúiseacha, duairce, dáiríre faoi bhrí na beatha le linn tréimhse ina raibh na seanchinnteachtaí ag titim as a chéile ar fud an domhain mhóir a thiomáin cuid mhaith d'fhillíocht Ghaeilge na gcaogaidí agus na seascaidí – agus díol suntais, ní miste a lua mar léiriú air sin, an easpa grinn ina bunáite – ceannairc agus treascairt spleodrach ba bhonn le cuid mhaith den fhillíocht is fearr de chuid ghlúin *Innti* go mórmhór sna blianta tosaigh. Labhair Gréagóir Ó Dúill ar son spiorad na linne ina dhán 'Díomas' nuair a mhaígh sé, 'De ghlúin mise nach bhfeacann go héasca' (*Blaoscoileán*, lch 11).

Ar leibhéal amháin lean an ghlúin seo, chuile fhile acu ina bhealach sainiúil féin, comhairle Uí Ríordáin in 'Fill Arís', agus chuadar faobhar na faille siar go Corca Dhuibhne ag sealbhú dhúchas na Gaeltachta mar a bhí sé beo beathach thiar murab ionann is an chonstráid de Ghaelachas agus de Ghaeltacht a shaothraigh cuid mhaith dá sinsir liteartha rompu. Mar a dhearbhaigh Davitt, agus go leor eile mar aon leis, aithne dhúnchaoineach a chuir siad orthu féin le linn an aistir sin. Féinaithne de thoradh 'léarscáiliú na mbóithre isteach' (aidhm na filíochta dar le Ó Muirthile) a bhí i gceist seachas leagan d'fhúrinne oibiachtúil éigin a bhí le bronnadh orthu faoi shéala traidisiúnta, údarásach. Ní raibh aon chall feasta le héileamh

róshaoráideach ró-chomhfhiosach ar an nGaelachas. B'ionann scríobh i nGaeilge agus a bheith san imirt. I bhfríotail Ghabriel Rosenstock, filí Gaeilge a bhí iontu seachas filí Gaelacha agus iad mar a dúirt Davitt ag gabháil de dhánta i gcomhthéacs sonrath cathrach. Cár mhiste gurbh iad an chéad bhuíon filí riamh iad, b'fhéidir, 'nach n-aithneodh an chopóg ón neantóg', mar a shonraigh Davitt ina dhán 'Seandaoine' óna chéad chnuasach, *Gleann ar Ghleann*. Tharla gur i nGaeilge a bhí siad ag scríobh, thiochfaidís le dearcadh Uí Ríordáin rompu ar an scéal i réamhrá cáiliúil *Eireaball Spideoige*:

Tá daoine sa tír seo a deir ná fuil scríbhneoirí Gaeilge na linne seo traidisiúnta. Creidim go bhfuil dearmad orthu. Ag féachaint ar na scríbhneoirí ón gclós atá na daoine seo. Laistigh den teanga atá na scríbhneoirí agus ní amuigh sa chlós. I dteampall na Gaeilge atáid ag paidreoireacht agus má mhúsclaíonn siad paidir ar bith is í paidir na Gaeilge is éigean dóibh a mhúscailt. Ní féidir an teanga d'fheacadh as a dúchas. Ní féidir aon phaidir eile do theacht as teampall na Gaeilge ach a paidir féin. (lch 25)

Ní hionann seo agus a mhaíomh gurb earra liteartha ar fónamh 'rúibric fhilíocht an Bhéarla faoi fheisteas na Gaeilge' mar a thug Tomás Mac Síomóin air in agallamh in *Innti* 5. Má shíntear na teorainneacha traidisiúnta mar chuid de phróiseas an nua-aoisithe, má chuirtear braistintí nua le dioscúrsa, le cruinne shiombalach, le *mentalité* na Gaeilge, is ionann sin agus malairt bhisigh, domhan na Gaeilge in allagar forásach leis an saol mór amuigh. Ní ciorrú coil na cúl le dúchas ar bith é. Drochfhilíocht í drochfhilíocht agus drochfhilíocht í droch*phoetry* freisin!

D'fhógair oifigeach caidrimh phoiblí *Innti*, Michael Davitt, an méid sin go dúshlánach agus é ar a bhealach ar ais go dtí an domhan iarbhair tar éis deireadh seachtaine draíochtúil 'Ar an gCeathrú Rua':

Mhiosáil mo chroí bít ar an gCaorán Mór
éalaíonn Muimhneach ó
ghramadach.
(*Gleann ar Ghleann*, lch 39)

Treallchogaíocht friotail, foirme agus féithe atá ansin a cheistíos gaois chruinnithe na sean ón gceantar istigh seachas ón alltar amuigh. Easaontú umhal firéin atá ann, uisce in aonturas faoi thalamh na seanbhó beannaithe a chuaigh thar abhainn slán go nuige sin d'fhonn bunús tuiscintí an domhain sin a cheistiú ó bhonn. Treascraíonn a leithéid an traidisiún agus tógann sé in athuir air, agus san am céanna fágann sé biseach beag air ina dhiaidh más filíocht ar fónamh atá inti. Athscríobhann ráiteas mar sin gramadach na filíochta agus na teanga araon, ach go gcaithfidh an tseanghramadach dhíochlaontúil rómhánach a bheith sealbhaithe sa chéad áit mar bhonn teilgte, mar thalamh báin na réabhlóide. Ar an gcuma seo, níor dheoranta leis an nglúin seo popchultúr ná cultúr coiteann a linne ar fud an domhain ina rann, ó liricí na Beat Poets i Meiriceá agus na Beatles i Sasana go dtí tuairimí agus idé-eolaíocht an Maharishi san Ind nó Mao Tse Tung gona leabhar beag dearg sa tSín. Ba iad clann Marshall MacLuhan iad sa sráidbhaile nua domhanda, glúin ar chás leo mórcheisteanna na cruinne agus na linne: cearta, saoirse phearsanta agus uathúlacht shainiúil an duine aonair; blaisféime Hiroshima agus an cheist núicléach; cathrú agus tionsclú buile na linne; díothú ciníocha dúchais; cos ar bholg ar an duine beag sa bhaile nó i gcéin – agus féach gur filí a bhí chun cinn san fheachtas in aghaidh dhúnadh Scoil Dhún Chaoin i dtús na seachtóidí. Is fada ó bhaile a thaistil a mbunáite ón ngleann inar tógadh iad.

Ní feiniméan Corcaíoch amháin a bhí i saothar na glúine seo ris a ráitear *Imní*, áfach, ainneoin gur tháinig ann don athghlúin sa chathair chéanna le saothar cumasach ó Louis de Paor agus Colm Breathnach. Foilsíodh saothar le cuid mhaith filí óga as áiteanna éagsúla a bhí ag teacht in inmhe ag an am in *Imní* freisin, agus in irisí eile ar nós *Comhar*, *Feasta*, *An tUltach* agus *Nua-Aois*, agus chuir a mbunáite cnuasaigh shuntasacha ar fáil ina dhiaidh sin: Tomás Mac Síomóin, Cathal Ó Searcaigh, Conleth Ellis, Seán Ó Curraoin, Micheál Ó Cuaig, le cuid an bheagáin a lua. Ní hé scéal na bhfear amháin a ríomhadh ag an

am ach an oiread. Aithnítear Nuala Ní Dhomhnaill go coitianta mar dhuine d'fhilí *Innti*, ach tháinig guthanna suntasacha baineanna eile chun cinn taca an ama chéanna: Biddy Jenkinson, Máire Áine Nic Gearailt, Caitlín Maude, Áine Ní Ghlinn. Go deimhin féin, is beag file sa duanaire seo a bhí suas le linn *Innti* nár fhoilsigh saothar san iris. Ar an ábhar sin, is mó de ghluaiseacht náisiúnta liteartha ná d'iris áitiúil filíochta a bhí inti. Ceist achrannach a eascraíod as seo ar fad, áfach, ná ceist na hathghlúine. Labhraítear ar fhilí *Innti* amhail is dá mbeidís i mbláth na hóige i gcónaí. Is í ffrinne an scéil go bhfuil a mbunáite ag teannadh amach sna blianta. Tá a shliocht sin ar an duanaire seo nach bhfuil ann ach saothar le triúr filí atá faoi bhun an dá scór, agus beirt acu sin féin i bhfoisceacht bliana de mheán sin na haoise! Fadhb phráinneach an méid sin do thodhchaí na filíochta agus muid ar éigean thar thairseach céid agus mílaoise nua.

Maidir lena bhfuil de dhánta agus d'fhilí sa duanaire seo, agus i gcomhthéacs a bhfuil ráite agam go nuige seo, creidim go bhfuil sé de dhualgas ar eagarthóir a fhreagra sainiúil pearsanta féin ar an tseancheist, 'Céard is filíocht ann?', a thabhairt mar ghluais lena shaothar. Is minic in imeacht deich mbliana fichead teagaisc in ollscoileanna a chuir mé féin an cheist chéanna ar mhic léinn bhochta ag tús chúrsa filíochta. Is é an freagra céanna, mórán, a fhaighim i gcónaí uathu: meafair, meadaracht, uaim agus comhuaim, íomhánna, véarsaí, mothúcháin, smaointe pearsanta an fhile, filíocht mar mhalairt inmhianta ar phrós – fearas seachtrach uilig na filíochta mar atá sé ag *Folen's* nó *Cole's Notes*, ag an gCló Ceilteach nó ag múinteoir cumasach meánscoile a n-éiríonn lena rang slám maith grádanna A a bhaint amach san Ardeist chuile bhliain. Is beag scoláire riamh a d'admhaigh gur léigh sé/sí filíocht go rialta. Go deimhin, is minicí leathanaigh spóirt an *Star* nó leathanaigh lóistín an *Galway Advertiser* mar lón léitheoireachta acu ná cúrsaí litríochta i gcoitinne, gan trácht ar chúrsaí filíochta. B'fhéidir nach modh iontach eolaíochtúil a leithéid le teacht ar líon ffrinneach na

léitheoirí filíochta sa tír seo ach tá ffrinní taithí ann atá níos bunúsaí ná modheolaíocht ar bith!

Aisteach go leor, is iomaí duine a d'admhaigh in imeacht na mblianta gur chumadar dán ó thráth go chéile i mBéarla nó i nGaeilge. Cuid acu ar ordú ó mhúinteoirí aislingeacha ar shuim leo an fhilíocht a spreagadh; cuid acu ó mhúinteoirí díograiseacha ar mhian leo scoláirí a ghríosadh le cur isteach ar chomórtais liteartha mar Oireachtas na Gaeilge, Slógadh nó éigsí áitiúla. Bhí an corréan (nó an t-éan corr) féin ann freisin a chum píosa filíochta de bhrí gur bhrúcht rud éigin aníos as íochtar a dhuineatachta féin ar ala aon uaire amháin. Más beag féin den líon aduain sin a tholg an galar, a lean an cheird i gceachtar den dá theanga dhúchais atá againn, sílim gurb iad is gaire a dhrann le tobar na fíorfhilíochta.

Maidir liom féin, tháinig mé ar an bhfilíocht i gcéaduaire i nghan fhios dom féin in aois mo hocht nó naoi de bhlianta.

Anois teacht an earraigh, beidh an lá ag dul chun síneadh,
 Is tar éis na Féile Bríde ardóidh mé mo sheol;
 Ó chuir mé i mo cheann é ní stopfaidh mé choíche
 Go seasfaidh mé thíos i lár Chontae Mhuigheo.
 I gClár Chlainne Mhuiris a bheas mé an chéad oíche,
 Is i mBalla taobh thíos de a thosós mé ag ól;
 Go Coillte Mach rachad, go ndéanfadh cuairt mhíosa ann,
 I bhfoisceacht dhá mhíle de Bhéal an Átha Mhóir.

B'as an gCeathrú Bheag, Lochán na mBan, trí mhíle ó thuaidh de Chlár Chlainne Mhuiris, mo mháthair, Síle Nic Aogáin. Théadh muid siar go minic ann mar chlann, go mórmhór faoi Cháisc agus sa samhradh, i sean-Box Ford, cláruimhir ZE 109, agus ar ndóigh, tharla gasúir ar bord, bhíodh an bóthar le giorrú le scéalta agus le hamhráin. Má bhí sí ar bheagán Gaeilge í féin, agus murar thug sí dom ach an cheathrú sin thuas den iomlán, thaitníodh Cill Liadáin chomh mór sin le mo mháthair mar pháosa ceapadóireachta a fuineadh as a domhan féin agus as domhan a muintire siar – bhí a sin-seanathair beo sa dúiche

chéanna in aimsir Raiftearaí – gur chuir sí d’fhainic orm féin agus ar an gcuid eile den ál gan an t-amhrán a ligean i ndearmad go deo. Ní mé faoin gcuid eile, ach níor léar dom féin ó Dhia anuas ag an am céard a bhí i gceist aici. Féach mar sin féin go ndearna mé rud uirthi ina dhiaidh sin is uile.

Bhí sé d’ádh orm sa bhunscoil agus sa mheánscoil go raibh múinteoirí maithe Gaeilge riamh agam ar spéis leo an teanga agus an cultúr dúchais i gcoitinne, ach ina dhiaidh sin féin níor rud beo an fhilíocht den chuid ba mhó bíodh is gur fhan dánta mar ‘Cúl an Tí’, ‘Anseo i Lár an Ghleanna’ agus ‘An Tincéir Meidhreach Aerach, Sás Ó Néill’ greanta ar m’intinn ó laethanta na bunscoile. Má múineadh go maith féin í de réir thuiscintí na gcaogaidí agus na seascaidí, agus sin faoi scáil uileghabhálach na scrúduithe stáit gona gcanóin thraidisiúnaíoch, ba rud seanda, seanchaite, iardhearcach a bhí inti nár bhain dáiríre lenár saol mar dhéagóirí cathrach. As ucht Dé ort, nach raibh chuile mhac máthar de na filí básaithe leis na cianta agus, fiú is go mb’éigean dúinn chuile líne den chúrsa filíochta a fhoghlaim de ghlanmheabhair, ba mhó i bhfad an fuadar a bhíodh fúinn ag tabhairt chluaise do liricí The Rolling Stones, The Beatles, The Animals, The Kinks, The Beach Boys agus a leithéidí. Agus ní raibh stró ar bith orainn iad sin a thabhairt linn gan amharc ar bith ar leathar ná ar mhaide cam múinteora crochta os ár gcionn.

Ba mar scoláire óg sa dara bliain i Roinn na Gaeilge, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, faoi stiúir mhealltach chineálta Eoghain Uí Anluain i mbliain chinniúnach fhileata sin 1970 a osclaíodh domhan draíochtúil na filíochta i gceart domsa. Sraith léachtaí ar shaothar Uí Ríordáin leis an Anluaineach maille le saothar critice Sheáin Uí Thuama agus Bhreandáin Uí Dhoibhlin a chuir ar mo shúile dom go raibh saothar cruthaitheach, idir fhilíocht agus phrós, á chur ar fáil sa Ghaeilge a bhí ionchurtha le rud ar bith a bhí mé a léamh san am i mBéarla nó i bhFraincis. Ní raibh rith an ráis ar fad leis an nuáil i gcúrsaí léinn agus litríochta ag an am, áfach, agus bhí

scoláirí eile ann dár dteagasc a d'áitíodh go láidir nach traidisiún intleachtúil a bhí san *integral Irish tradition* agus nach dual do dhioscúrsa na Gaeilge modhanna smaointeoireachta agus iniúchta na critice liteartha mar a tuigtear coitianta ar fud na cruinne anois í. Castar tuairimíocht den chineál seo do dhuine i gcónaí sa túr éabhair, ach ábhar iontais a leithéid a bheith i mbéal file agus fear critice mar Ghréagóir Ó Dúill ina dhuanaire breá cuimsitheach, *Fearann Pinn*:

Tá teanga na Gaeilge fréamhaithe sa talamh agus tugann sé sin neart áirithe di, ach fágann sé, fosta, nach furasta ag an fhile scríobh go teibí, ná ag an léitheoir an teibíocht a léamh. (Réamhrá, lch xxii)

Ní mé ar mheabhraigh aon duine an laincis, an *ne temere* sin do Dháibhí Ó Bruadair, do Sheathrún Céitinn, d'Aodh Mac Aingil, do Mhánus Ó Domhnaill ná d'aon duine d'aos intleachta, éigse agus léinn na Gaeilge riamh anall.

Bhí sé píosa maith i ndiaidh na mblianta coláiste úd go raibh mé in ann fráma tagartha smaointeoireachta de mo chuid féin a bhualadh ar an tuiscint instinneach sin, mar atá, gurb é a sainallagar intinne agus mothaitheach féin le saol na freacnairce trí mheán an fhocail a bhíos ar bun i litríocht chomhaimseartha na Gaeilge (fearacht chuile litríocht eile); go bhfuil cuid bhunúsach d'údarás agus de dhlisteanacht an allagair sin fréamhaithe i leanúnachas chointeanóid na teanga féin; agus, le forás nualitríocht na Gaeilge mar a thuigimid ó thús an fichiú haois í, go suitear í san am céanna i ndioscúrsa bhunáite litríocht agus fhealsúnacht Iarthar Domhain ó aimsir an *Renaissance* i leith tráth ar tháinig an duine aonair chun cinn mar lárphointe na cruinne mar mhalairt ar dhioscúrsa chruinneshamhail thraidisiúnta na Gaeilge a chuireadh an pobal i lár cuilithe.

Soilsíonn dán maith, rann maith, líne nó nath nó meafar maith, dar liom, cúinne dorcha a bhí thar m'eolas agus m'aithne sular casadh dom sa tslí é; nó sin tugann sé chun solais fírinne éigin a bhí i suan toirchis is tualangachta istigh ionam; nó sin

arís tugann sé chun athléargais dom faoi chló eile fírinne a shíl mé ba léar dom cheana. Lasann dán maith tine ghealáin a mhaireann i bhfad tar éis ghníomh na léitheoireachta agus beireann sé ar fhírinne bhunúsach dhaonna ar bhealach diamhair a théann thar m'eolas, thar chumas dioscúrsúil anailíseach teanga. Mar a scríobh Eoghan Ó Tuairisc in eagarfhocal *Rogha an Fhile*:

Preabann an focal is coitianta chun brí agus chun bíogúlachta faoi theannas na healaíne is foirfe dá bhfuil ag an duine, ealaín an fhriotail. (lch 8)

Is leor aon éinín amháin ar an gcraobh, nó sa sceach féin, leis an mbíogúlacht sin a bhaint amach arae, mar a scríobh Colm Breathnach in 'Ar Chúl do Thí':

Sceach is ea gach dán
ina bhfuil éan amháin
faoi cheilt
ag cantaireacht.
(*Cantaic an Bhalbháin*, lch 10)

Geiteann dán maith an léitheoir chun léargais lena fhírinne agus lena aduaine araon, más ceadmhach bradaíl a dhéanamh ar théarma Uí Ríordáin i réamhrá *Eireaball Spideoige*. Ar uaire is é an focalphictiúr aonair i lár dáin a adhnas an splanc, fearacht an phictiúir seo thíos de phobal beag scoite a chruthaigh Michael Hartnett ina dhán 'An Séipéal faoin Tuath'. Meascán den sean agus den nua, den suthain agus den duthain, atá ann a chuimsíos gné amháin de scéal an phobail sin in aon radharc siombalach amháin:

Is is capall uaigneach an pobal so
ag dul amú san fhichiú haois
chomh tuathalach le fear
ag rince le bean rialta
ag bainis.
(*Éigse an Aeir*, lch 122)

Uaireanta eile is é an meafar fuinte, dánfhada a fhitear go ceardúil trí reacaireacht iomlán dáin a lasas an splanc, tréith shuntasach d'fhillíocht Mháirtín Uí Dhireáin, Liam Uí Mhuirthile agus Mhichíl Uí Chuaig mar a feictear sa duanaire seo, mar shampla. Nó sin in amanna eile, is é roiseadh mothaitheach an dáin a scuabas leis an léitheoir, mar a tharlaíos i gcás dhánta Nuala Ní Dhomhnaill, Áine Ní Ghlinn agus Phádraig Uí Mhiléadha anseo thíos.

Ní prós ná insint phrósúil atá i ndán ach bealach sceabhach, indéach leis an saol iarbhír a chur de leataobh d'fhonn réalachas níos doimhne, níos glinne a thabhairt chun suntais agus cruinnis. Go deimhin féin, is é príomhloch a gheobhainn féin ar chuid mhaith d'fhillíocht na Gaeilge le 100 bliain anuas go bhfuil sí róphrósúil, go mbíonn 'an fhírinne rólom ar an oileán', nach n-aimsíonn sí aon pheirspeictíocht ar leith seachas reacaireacht nó insint dhíreach ar leibhéal simplí na scéalaíochta. Níor chuir M. F. Ó Conchúir fiacail ann ina dhán 'Sráidéigse':

Tá prós á scríobh go tiubh
 Mar dhea gur filíocht,
 Á reic os comhair an phobail,
 Á moladh ag lucht léinn . . .
 Fuath liom éigse phróis
 I ngiobal rannaíochta
 Gan tada idir cluasa an dáin.
 (*Cuisne Fómhair*, lch 11)

Is eagal liom go bhféadfaí riar nach beag de nuafhillíocht na Gaeilge a bhaint as a foirm líneach ar an leathanach agus a athscríobh go leanúnach i bhfoirm phróis, agus dúshlán file ar bith an díchonstráil phrósúil sin a chur ar ais ina cuma cheart 'fhileata'! Ní hamháin sin, ach déantar róshaothrú ar an líne rígherr, fiú aonfhoclach, mar dhóigh de go bhfuil macalláí diamhra, cruthaitheacha, ardintinneacha á mbaint as ciúnas na spásanna bána ar an leathanach – ciúta liteartha nach bhfuil ar fáil don fhilíocht bhéil, ar ndóigh. Agus maidir le dánta faoi

dhánta agus faoi cheapadh na filíochta féin, níl ansin ach teálta deiridh na heaspa ionsparáide i gcuid mhaith cásanna, ainneoin gur éirigh le Seán Ó Ríordáin in ‘Fill Arís’ agus le Tomás Mac Síomóin in ‘Níl in Aon Fhear ach a Fhocal’ thíos, agus le corrfhile eile mar Nuala Ní Dhomhnaill, ráiteas suntasach ealaíne a fhuint as fadhb na hurlabhra mar aonuirilis neamhfhoirfe, theoranta sireoireachta an daonnaí ina thóir ar bhrí éigin i gcruinne eascairdiúil, naimhdeach, bhagrach.

Ba cheart ar deireadh thiar gur mhó iomlán dáin ná suim na bhfocal, na meafar agus na ndeismireachtaí liteartha a mbaintear gaisneas astu ina chruthú. Ba cheart go ndúiseodh sé macallaí, ceisteanna, dúshláin agus fiú iomraill éagsúla aigne agus anama a mheallfadh ar ais an léitheoir. Dá réir seo, is mó ná cuntas fíriciúil ar eagla mná oíche stoirme ‘An Stoirm’ le Seán Ó Ríordáin, agus féach gur mó ná an stoirm eile chéanna sin meafar leanúnach fhuadar na stoirme ceoil in ‘An Ceoltóir Jazz’ Uí Mhuirthile. Ar an gcuma chéanna, tá i bhfad níos mó in ‘Raiftearaí agus an File’ le Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha ná agallamh simplí agus cuma na seanaimsearthachta air idir file Gaeltachta agus file dall an naoú haois déag. Ainneoin ‘na milliúnaí cnámh sa reilig sin thall’ sa dán, éiríonn an duine, agus trína bhíthin sin an pobal dar de é, os cionn an bháis le ceiliúradh dóchasach a dhéanamh ar a maireann beo mar mhalairt ar chomóradh maoithneach ar sheansaol atá ar throigh gan tuairisc. Dúisíonn dán Ghearóid Mhic Lochlainn, ‘Brionglóid Dheireanach Crazyhorse’, na mianta aislingeacha céanna sin ag an duine atá faoi chois, mianta i ndeireadh na feide a sháraíos laincisí an tsaoil dhuthain agus a chuidíos leis an duine teacht slán i ríocht an spioraid.

Ní foláir freisin do léitheoir cruthaitheach talamh slán a dhéanamh i gcónaí de ‘chumas teanga’ an fhile ar leibhéal bunúsach, más simplí féin, na difríochta idir *is* agus *tá* – sochar amhrais nach dtuilleann chuile dhuine a ghlaofadh file Gaeilge air féin i gcaitheamh thréimhse an duanaire seo, ní foláir a dheimhniú, faraor. Filíocht Ghaorla a bhaist duine aitheantais

de mo chuid féin ar fhilíocht nach bhfuil inti ach craiceann Gaeilge ar cholainn Bhéarla. É sin ráite, tá níos mó i gceist le filíocht, ar ndóigh, ná cumas teanga. Ní raibh aon amhras riamh faoi chumas teanga cuid mhaith d'fhilí Ré na hAthbheochana, go mórmhór iad siúd a raibh an Ghaeilge féin ó dhúchas acu nó sin a raibh saothrú scolártha déanta acu ar an teanga, ach mar a sonraíodh cheana, bhí bunáite a gcuid ceapadóireachta ar easpa iomlán samhlaíochta agus cruthaitheachta dá fheabhas dá raibh cuid di mar aithris ar fhilíocht thraidisiúnta na Gaeilge. Is mó ná aithris shimplíoch ar chanóin an traidisiúin san am a caitheadh an dea-fhilíocht.

Fuintear dán ealaíonta i bhfriotal a eascraíos as féidearthachtaí na teanga atá an file a scríobh. Mar a dúirt Pearse Hutchinson in agallamh in *Innti 11*:

Má mhothaíonn an léitheoir nó an t-éisteoir go bhfuil fíorchaidreamh idir an file agus an teanga, go bhfuil an file agus an teanga ag caint le chéile agus ag freagairt dá chéile, ag damhsa le chéile, nó ag troid le chéile fiú, ag troid mar a bheadh cairde leapan, má mhothaíonn tú an gheit sin, tá sé Gaelach. Ní chreidim gur féidir aon rud eile a iarraidh ar an bhfile. Mar sin, molaim an éagsúlacht. Má mhothaíonn tú go bhfuil an file ag caint leis an dteanga, leis féin, agus go neamh-chomhfhiosach le pobal na Gaeilge, ní amháin le pobal beo na Gaeilge ach leis na sluaite a d'imigh romhainn a mhúnlaigh an Ghaeilge agus gur *beo* don teangbháil sin, is leor san. (lch 64)

Tá toise láidir spioradálta, nó reiligiúnda i gciall Uí Thuairisc den fhocal ina aiste iomráiteach, 'Religio Poetae', ag roinnt le saothrú seo na filíochta:

Trí mheán a ealaíne, gan treoir ach treoir a cheardaíochta féin, tagann an *Poeta* ar bhunbhrí na cruinne: go bhfuil an dá shaol ann, an dá ghné den réalachas, agus tagann sé i dtuiscint gurb í is bunbhrí dá ealaín ná an dá shaol sin a léiriú agus iad fite ina chéile sa scéal céanna, sa rann céanna, san fhocal céanna fiú, agus an sean-nasc eatarthu ar a dtugtar an *religio* a aimsiú agus a chur i gcéill don phobal. An té a thuigeann an méid sin, tuigeann sé

gur gairm bheatha í an Fhilíocht, cosúil leis an ghairm chun na Sagartóireachta, nó gairm an Mhúinteora, nó gairm an tSaighdiúra, nó gairm ar bith eile sa Chathair Pholaitiúil seo againn ar an saol. (*Religio Poetae agus Aistí Eile*, lch 15)

Tagraíonn file i ndiaidh file do Chreideamh seo an Fhocail mar mheán sireoireachta, tóraíochta, agus féinaimsithe. ‘Cloch mhíle . . . ar gá don fhíle í a scoitheadh, a dhul thairsti, agus é sa tóir ar a bhunús féin,’ atá i ngach dán dar le Tomás Mac Síomóin in agallamh in *Innti 5* (lch 26) agus dearbhaíonn sé arís is arís ina shaothar nach bhfuil ag an duine ach an focal mar mheán tóraíochta d’fhonn teacht slán as an duibheagán. Mar a scríobh sé in ‘Níl in Aon Fhear ach a Fhocal’ thíos:

Ach má taoi ag déanamh cré sa chill,
A Chriomhthannaigh an oileáin,
Gad do ghinealaigh fós níor bhris
Ó chuiris cor id dhán,

Ó d’focais deachú an fhocail led nós,
Ó bhreacais caint do dhaoine ar phár,
Strapann do nae fós fál na toinne
Idir Muir na mBeo is Muir na Scál.

Teampall nó tearmann i saol luaineach atá sa dán dar le Biddy Jenkinson, áit a dtig leis an duine éidreorach a theacht i dtír tar éis stoirm farraige, mar a léiríós sí ina dán ‘An Dubhfhoinsé’:

mar tá dán le fáil sa raic seo
i dtruscar mothúchán,
is níl samhailt níos fearr don fhilíocht agam
ná póirseáil trá.
(*Dán na hUidhre*, lch 14)

Dearbhaíonn Colm Breathnach ina dhán ‘Tost’ nach bhfuil againn ‘ar deireadh ach focail le raideadh leis an duibheagán’ (*Scáthach*, lch 65) más linn ciúnas síoraí na cruinne gan teorainn a chloí, tuairim a dtáinig Nuala Ní Dhomhnaill léi nuair a dúirt

sí ag Léachtaí Cholm Cille i 1985 gur bealach í an fhilíocht le briseadh amach as ‘fásach fuar inmheánach’ ár linne:

Líontán éigin cosanta is ea iad [na dánta] a chaithim amach romham chun gur fearrde mo léim caorach sa duibheagán, an léim sin nach foláir i scríobh gach dáin chun gur filíocht a bheadh inti seachas prós. . . Labhrann an fhilíocht amach as íochtar ár mboilg faoi mar a bheadh sí ag teacht as réigiún eile ar fad agus ar ndóigh tagann, mar bí siúrálte de gur ón saol eile a labhrann an fhilíocht linn. (lgh 147-8)

Ní mé, go deimhin, nach cuid mhór d’fheidhm na filíochta riamh anall an léim seo sa dorchadas, an míniú ar staid na cruinne mar atá, nó mar a shamhlaíos an file ba cheart í a bheith, á chur faoi chuing an fhocail ag an té a raibh údarás na ceirde ar chúl a ráitis. Sin é a rinne Muireadhach Albanach Ó Dálaigh, Dáibhí Ó Bruadair, Aogán Ó Rathaille agus Antaine Raiftearaí lena linn féin agus i dtéarmaí a bhain le feidhm a gceirde. Mar seo a chuir Raiftearaí é agus é ag cur críoch le dán in ómós don Athair Liam Ó Dúshláine:

Maoin agus stór, airgead is ór,
níl iontu ach ceo i measc daoine,
is gur file gan treoír nár chruinnigh pínna fós
a thug daoibhse an chomhairle chríonna.
(*Raiftearaí: Amhráin agus Dánta*, lch 56)

Más mó de ghné na cuartaíochta, na póirseála, na ceiste atá i bhfilíocht an fichiú haois, ag sin freagairt na ceirde dúchais athuair do riachtanais agus d’éigeantais na freacnairce. *Imbas forasna*, fios a shoilsíos, an bua a bhí riamh ag an bhfile Gaeilge, más fíor, agus má d’athraigh léargas agus tuiscint na n-aoiseanna ar a mhianach ní fhágann sin nach ann i gcónaí dó mar aidhm na filíochta.

Tá cuid de na dánta sa duanaire seo reitriciúil, áititheach agus iad á reic sa ghuth pobail sin atá ar cheann de phríomhshaintréithe thraidisiún na Gaeilge riamh anall, dar liom. Mar a

sonraíodh cheana, tá fréamhacha *Trí Glúine Gael* Uí Mhiléadha le rianú siar go dtí filíocht an ochtú haois déag. Den mhianach reitriciúil céanna ‘Óchón! A Dhonnchadha’ Phádraig Uí Éigeartaigh, ‘Caoineadh do Mhícheál Breathnach’ Phádraig Uí Dhuinnín, ‘An Gráinneach Mór’ Joe Shéamais Sheáin, rídhán Eoghain Uí Thuairisc ‘Aifreann na Marbh’, an dán is ardaidhmeannaí sa Nua-Ghaeilge dar le hEoghan Ó hAnluain, agus ‘Ó Mórna’ Uí Dhireáin, ceann de na dánta is ansa liom féin ar fad ar a cheardúlacht agus ar a léargas garbh lom ar uabhar, ar uaigneas agus ar phaisean buile an duine. Ainneoin a éagsúla agus atá na dánta sin lena chéile ó thaobh ábhair, ríomhann siad scéal soiléir cinnte i nguth láidir údarásach nach gceadódh an dara hinseacht ar a scéal, díreach mar a dhéanadh Ó Bruadair, Ó Rathaille nó Raiftearaí.

Mar atá áitithe go minic ag an eagarthóir seo in imeacht na mblianta, gné bhunúsach an leanúnachas dioscúrsa i gcuid mhaith de scothfhilíocht na haoise ó chéadiarrachtaí stadacha lucht na hAthbheochana anuas. Saothraíonn an Ríordánach go comhfhiosach mar choincheap bunúsach ina shaothar ar fad é, geall leis (féach, mar shampla, ‘Fill Arís’ thíos), agus tá sé ar chúl gach ar scríobh an Direánach agus Mac an tSaoi, dá mhéid na difríochtaí idir a saothar araon (féach ‘Ceathrúintí Mháire Ní Ógáin’, agus ‘Ó Mórna’, mar shampla). Má chaith filí ghlúin *Inntí* uathu laincisí an Ghaelachais róshaothraithe, b’ionann neamhaird a dhéanamh den ghné seo de shaothar filí mar Nuala Ní Dhomhnaill, Bidy Jenkinson, Colm Breathnach, Conleth Ellis, Michael Hartnett agus go fiú filí so-aitheanta ‘cathrach’ mar Davitt agus Ó Muirthile, agus míléamh iomlán a dhéanamh ar a saothar. Mar a dhearbhaigh Bidy Jenkinson go dúshlánach i léacht neamhfhoilsithe faoi thodhchaí na filíochta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i 1999 agus í ag amharc thar thairseach na mílaoise nua:

Déanaimse, im scríbhneoir laistigh den traidisiún Gaelach, talamh slán de go bhfuil a fhios agam cé hí [an Bhé], gurb í an

prionsabal cruthaitheach í, gurb í an ollmháthair í, gurb í an Mhór-Ríon í, gurb í flaithiúnas na hÉireann i riocht mná í, gurb í spiorad na héigse í . . .

Iad siúd a chuir bonn úr faoi nuafhilíocht na Gaeilge céad bliain ó shin, braithim gur dílseacht don Bhé ina cáilíocht Ghaelach a spreag iad, Éire, Banba, Fódla. Bhí tuiscint éigin sna putóga acu gur bhaineadar le traidisiún áirithe, gur laistigh den traidisiún sin ba chóir freastal, go mbíodh an dán le clos i gCruachan agus in Eamhain Macha agus os comhair Ollamh Fódla an uair go mbíodh sé á reic i gcúlshiomra in Áth Cliath, b'fhéidir, agus triúr sa lucht éisteachta.

Tá an bhé dhúchasach seo faoi ionsaí le tamall. Ba mhaith liom, mar athbhuille, a hainm a lua agus muid ag dul i dtreo na mílaoise. Nílím deimhin gurb ann di faoi aon chrot ar leith a luaigh mé léi ach oiread is a dhéanfáinn deimhin de gurb ann do Dhia faoi aon chló ar bith gur féidir linn a aithint. Tá a fhios agam, ámh, gurb é an peaca in aghaidh spiorad naofa na filíochta ná a mhaíomh nach ann di. Le gur féidir leat bheith i d'agnóiseach caithfidh tú dhá cheann na meá a chosaint. Seasaim, mar sin, ar thaobh na Mór-Ríona agus í faoi ionsaí.

Tá buíon filí a bhfuil saothar leo sa duanaire seo, áfach, nach bhfuil aon chall dóibh dearbhú chomh féin-chomhfhiosach, inbhreithnitheach a dhéanamh maidir lena gceird, mar atá, na filí pobail, Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha, Joe Steve Ó Neachtain, Joe Shéamais Sheáin Ó Donnchadha agus Learaí Phádraic Learaí Ó Finneadha. Tarraingíonn siad seo ina saothar ar mhodhanna reacaireachta agus braistinte agus ar shamhailchruinne ar féidir a bhfréamhacha a rianú siar gan bhearna trí thraidisiún na Gaeilge, agus níl aon amhras faoi, dá réir sin, ach go bhfuil a ndéantús go hiomlán taobh istigh de dhioscúrsa na Gaeilge. Tá buíon eile filí de bhunadh Gaeltachta sa duanaire seo chomh maith, Micheál Ó Cuaig, Jackie Mac Donnacha, Caitlín Maude, Máire Áine Nic Gearailt, Seán Ó Curraoin, Seán Ó Lúing agus go pointe Cathal Ó Searcaigh, ar nuafhilíocht i gciall chruinn an fhocail a chumas siad ach go bhfuil orlaí láidre dá ndúchas Gaeltachta fite go healáionta trí fhoirm agus ábhar a saothair. Más fear de chuid a aimsire féin

é príomhcharachtar shraithdhán cumasach Uí Churraoin, *Beairtle*, mar shampla ionadaíoch de shaothar na buíne seo, tá idir shean agus nua ina dhearcadh ar an saol a reictear i ‘nglór údarásach ó gharrantaí beaga Bhearna’ an tseansaoil. Is cinnte freisin go ndéanfadh Peaidí na gCearc ó Chlochar a chomórtar i ndán Uí Lúing, ‘Uaigneas Comórtha’, anamchara nó leathbhádóir d’fhear na Maoilíní.

Saibhríonn na macallaí inmheánacha seo as an traidisiún as ar fuineadh an fhilíocht Ghaeilge déantús na bhfilí seo ar fad ar bhealach sainiúil ar leith a bhaineas lena gceird dúchais féin amháin. Fréamhaíonn siad na filí go domhain i gcointeanóid dhioscúrsa na Gaeilge in imeacht na staire agus tá an ghné seo ar cheann de na sainfhreagraí comóna a feictear i bhfilíocht na haoise ar stoiteacht agus ar choimhthíos na cruinne ina mairimid. Tá guth dlisteanach thraidisiún agus dhioscúrsa na Gaeilge ina shnáithe aontachta i saothar na bhfilí seo, guth sainiúil Gaeilge ar urlár a linne féin. Fianaise chruthaitheach ar an gcoinníoll dhaonna ina gné Ghaelach chomhaimseartha a saothar a fuintear go comhfhiosach as a ndúchas agus a n-oiliúint araon. Ag seo freisin, b’fhéidir, an ghné is sainiúla den fhilíocht seo, an ghné a sháraíos aistriúchán sásúil iomlán ar deireadh thiar chuig an dara teanga, arae cailtear an dúchas sainiúil, agus dá réir sin an fhilíocht féin, san aistriúchán. Ní ráiteas idé-eolaíoch é sin faoi cheist fhlaithneas síc-chultúrtha agus soch-chultúrtha an Bhéarla i gcás na Gaeilge bíodh is gur léar don dall gur féidir é a thuiscint mar sin ag brath ar sheasamh idé-eolaíoch an té a bheadh ag éisteacht – agus féach gur duanaire aonteach é seo chomh maith!

Gné eile den leanúnachas dioscúrsa seo a fhréamhaíos an duine go láidir ina dhúiche agus ina thraidisiún sainiúil féin, agus a saothraítear go leanúnach i bhfilíocht an fichiú haois, is ea coincheap an dinnseanchais. ‘Músclaíonn na Maoilíní na paisiúin i mBeairtle,’ mar a léirigh Seán Ó Curraoin. Téama lárnaigh i saothar mórchuid filí an dáimh bhunúsach shíceach seo idir an duine agus a thimpeallacht fhisiciúil, mar is léar ó

Beairtle agus ó shaothar filí mar Mháirtín Ó Direáin, Seán Ó Ríordáin, Nuala Ní Dhomhnaill, Cathal Ó Searcaigh, agus Micheál Ó Cuaig le cuid an bheagáin a lua. Déantar ceiliúradh spleodrach, neamhchairtéiseach go rialta ar na háiteanna naofa sin a chothaíos beatha inmheánach an duine agus a dhearbhaíos dó gurb ann do na tamhnaigh bhláthmhara i bhfásach aimrid shaol na linne seo. Ar an gcuma seo sa dán ‘Carraig Aifrinn’ thíos, faigheann Liam Ó Muirthile cuireadh ó gheata adhmaid cois trá i Muinis agus téann sé thar an tairseach idirshaoil sin ó dhomhan an driopáis is an fhorrú laethúil go dtí domhan níos liriciúla, níos ciúine, níos duineata. Ar an gcaoi chéanna, suitear faitíos, alltacht, iontas, cion agus gráin an ghasúir bhig ar a chuairt chuig teach a sheantuismitheoirí agus a phrintíseacht bheag i mbealaí na beatha agus an bháis á cur de aige, go sonrach i seanteach na muintire in ‘Inbhear’ Mhichíl Uí Chuaig. Agus ní i saol tuaithe an chomhthionóil fhuinniúil fhuinte amháin a thagas an duine ar na splancanna eipifeáineacha seo. Ainneoin tuairim léirmheastóirí áirithe nach dtig leis an nGaeilge déileáil ‘go réalaióch’ le saol na cathrach, d’fhéadfaí aiste fhada dhinnseanchasúil a scríobh faoin rúibric ‘An File agus an Chathair’. Fiú *Beairtle* Uí Churraoin, rinne fear cathrach seal de, agus léiríonn dánta cumasacha mar ‘An Ghrian i Rath Maonais’ le Michael Davitt, ‘Ár nÁit’ agus ‘Whacker’ le Liam Hodder, agus ‘An Cúrsa Buan’ le Liam Ó Muirthile sa duanaire seo, gurb ann do na *lieux sacrés* i gcomhthéacs cathrach, agus go dtabhaíonn siad a gceiliúradh freisin.

An méid sin ráite, áfach, éigean ar nuafhilíocht na Gaeilge a bheadh ann a dhearbhuí nach bhfuil inti ach leanúnachas dioscúrsa nó ceangal leis an traidisiún. Pléann sí, ar fhianaise an duanaire seo, le hábhair atá chomh fairsing, chomh hilghnéitheach, chomh huileghabhálach le mianach mistéireach an duine féin ‘sa tromluí stairiúil is beatha don Ádhamhchlann’, mar a thug Eoghan Ó Tuairisc air in eagarfhocal *Rogha an Fhile*. Gheofar inti cíoradh ar bhuncheisteanna a bhaineas le cinniúint an duine agus é ag tabhairt aghaidh ar shaol luaineach na linne

seo atá gan bhrí den chuid is mó, ó smaointe cráite Uí Ríordáin faoi chúrsaí reiligiúin go dtí bligeardaíocht *smartáilte* ghrúbhaeraí cathrach Davitt, ó chúrsaí tromchúiseacha pholaitíocht agus stair thuaisceart Éireann go dtí ceisteanna a bhaineas le hionad an duine i sochaí na linne (agus na ceisteanna féiniúlachta agus féinaitheantais a eascraíod astu araon), ó chúrsaí seirce agus síorghrá go dtí mioneachtraí faoi mhiondaoine ina ngnáthshaol laethúil.

Mhaígh Somhairle Mac Gill-Eáin in agallamh in *Innti 10* gurb í an liric ‘buaicfhoirm na filíochta’ agus tá an duanaire seo lomlán de dhánta aon uaire den chineál sin, nóiméid inspioráide, splancanna cruthaitheachta a bheireas go paiteanta ar mhionsonraí suntasacha i ngnáthshaol an duine bhig aonair ina choraíocht laethúil leis an saol amuigh: cúrsaí grá agus páirtíochta i saothar Choilm Bhreathnach; draíocht mhealltach agus scéiniúil in éineacht an tsaoil fhásta sin thar eolas an ghasúir a feictear in ‘An Seomra Codlata’ le Louis de Paor; laochas Christy Ring ina steillbheatha i ndán Sheáin Uí Thuama; samhlaíocht agus treallús na n-eisreachtaithe óga in ‘Roy Rogers agus na hOutlaws’ le Jackie Mac Donnacha . . . gá dtám ris gan cuid mhaith dá bhfuil de dhánta sa duanaire a lua go sonrach ina gceann is ina gceann as a dtréithe agus a gcáil.

I ndeireadh na feide, cúis cheiliúrtha agus ábhar mórtais ní hamháin a bhfuil sa duanaire seo ach filíocht na Gaeilge san fhichiú haois fré chéile. Míorúilt inti féin í a bheith ann chor ar bith, b’fhéidir, agus cluichí caointe na teanga féin á bhfógairt os ard ag saoithe dea-eolais leis na céadta bliain. Ní miste a mheabhrú athuair do lucht an díchreidimh gur le linn na tréimhse seo is mó a cumadh filíocht riamh sa teanga, b’fhéidir, bíodh is nach deimhniú fiúntais liteartha an méid sin ann féin, ar ndóigh. Is é atá sa chuid is fearr den fhilíocht seo allagar sofaisticiúil intinne agus anama an duine leis féin agus leis an gcomhshaol ina thimpeall, iniúchadh agus ceistiú muiníneach, neamhspleách ar shaol na freacnairce i bhfriotal atá nua agus sean, fréamhaithe go domhain agus saor ó theorainneacha agus

ó laincísí in éineacht. Má scríobh Louis de Paor an méid seo faoi fhilíocht Mhichael Davitt sa réamhrá a chuir sé le rogha dánta Davitt, *Freacnaire Mhearcair*, is fíor an ráiteas freisin faoi chuid mhaith de lucht a chomhaimsire:

The level of conviction and linguistic ease . . . is such as to imply that a rearguard action on behalf of the language may no longer be necessary, that, in the world of poetry at least, Irish can take its place in the Tower of Babel without the sanction of cultural protection. (lch XV)

Is cuí dá réir sin an focal scoir a fhágáil ag file i mbun an dáin ag fágáil a cloch shainiúil féin ar charn an tsoil mhóir go dóchasach, dúchasach, muinéach, neamhleiscéalach, mar a bhí, atá agus a bheas Bidy Jenkinson in ‘Gleann Maoilúra’:

Lá fliuch samhraidh sa charrchlós,
an Leabhar Branach liom mar éarlais dílseachta,
ag filíocht
mar nach dtéann cuimhne daoine san áit seo níos sia
siar ná Béarla
agus gur uaigneach bheith gan sliocht dáimhe,
ag baint macalla as learga dlútha an ghleanna
in ainm na treibhe,
ag cur cloch ar charn.




Lá fliuch samhraidh i gcarrchlós bharr an ghleanna
sáinnithe ag bruscar na gcóisirí,
Bean de shliocht na bplandóirí mé
ag reic dánta le taibhsí . . .

Tá an lá ag scarbháil sa charrchlós,
foiche ag giúnaíl i gcráiceann oráiste,
fiach dubh ag grágaíl ar Shliabh an Fhearainn,
gealán gréine ag óradh aitinne

is mo mhún dreoilín i bhfarráige ama
go cóir.
(*Dán na hUidhre*, lch 97/108)

Gearóid Denvir
Samhain 2000

An Duanaire



An Fiach Dubh

Maidin sa bhFómhar le lónradh an lae
 Is ea dhearcas ó fhuinneoig mo sheomra féin
 Fiach dubh feasa ar an bhfalla ina shuí
 Rianaí thaistil ó thalamh thar toinn.
 Do raideas-sa grá don rábach aerach,
 Preabaire fánach, fáthach, scéaltach!
 Dob fhuirist a mheas ar chreat mo réice
 Gur eitel thar lear ó Fhearann Gaeil Ghlais.
 Do shíleas gur fhéach orm féin le trua dhom;
 Do shíneas mo ghéaga fé dhéin an ghruagaigh.
 Mheasas go ndúirt: ‘Mo chumha thú, a Phiarais!
 Is ainnis do chúrsa i ndlúthghlasa iarainn.
 Do bhís-se uair go luaimneach tréan,
 An mhaoilinn suas ba luath do léim;
 Do chonacsa treall tú it lansa faobhrach
 Fuinniúil, teann, gan beann ar éinne.

Nach cuimhin leat maidin d’éis breacadh an lae
 Is tú ag tíocht abhaile is do chara let thaobh
 – An cara dob fhearr dár tharla it líontaibh,
 Do chara bocht Seán go brách ná fillfidh –
 Fiach dubh go bhfacais sa bhealach go subhach
 Is an ghrian ag taitneamh go geal ar a chlúmh?
 Do mholais le greann a dhealramh sásta.
 Mise bhí ann is do ghreann ba bhreá liom.

Is fada mo shaol im straeire fánach
 Is fairsing mo réim thar sléibhte is bánta.

Do chonacsá a lán nár chás dom a insint
In Inis geal Fáil is thar sáile choimhthígh.
Níl ann ach seachtain ó chaitheas-sa tréimhse
I mball sa bhaile is aithnid duit féinig.

I nGleann Deasmhumhan i Múscraí bhíos-sa
Is na lomchnoic dhubha go dlúth im thimpeall.
Bhí brothall thar meon le rónearc gréine ann,
Solas go seoigh ar bhordaibh fraoch-chnoc.
Bhí an loch os mo chomhair go lónrach gléigeal
Cothrom gan ceo gan leoithne ag séideadh.
Bhí buachaill i mbád i lár na linne
Is ar bhruach an tsrutháin bhí gártha bruinneal.
D'éisteas go sóch le gleo na mbláthbhan,
Gaeilge is spórt ag cóip ón gColáiste.
Bhí cuid acu ag trácht ar lá do bhí acu
Anuraidh ar fán de bharr na maolchnoc;
Dúirt ciabhfhionn bheag dheas go cneasta caoin bog,
'Bhí Piaras 'nár measc, is maith is cuimhin liom.'

Do chuala gliogar na n-eochair féim dhéinse,
Do chuala fothrom foirne an Bhéarla;
Do chonacsá féim dhéin na béir om chiapadh,
Is d'imigh an t-éan ins na spéartha siar uaim.

Wanderlust

Ní hé Nennius is cás liom, dá ársaí a chlúsan,
Ná Gofraidh Fionn Ó Dálaigh, dhein barda do mhúineadh,
Ná leathanhallaí lána, cé breátha iad ná Lúna,
Ach na bóithre fada bána is iad dom shámhtharraing chucu.

A malairt sin níorbh fhearr liom ach bád seascair siúlach,
Is í ag léimrigh le fánaidh is lán srutha fúithi;
Éamonn geal bheith lámh linn is do lámhsa dár stiúradh,
Is a chara dhil na n-árann, nárbh álainn an triúr sinn!

Mhuise, caithimis i dtráth uainn Pokárny agus Brúgmann,
Is a leabhair throma ghránna nach fearde an té scrúd iad.
Cad é an mhaith a bhfuil i gClár Luirc de dhántaibh is d'údair
Seachas bóithre fada bána nó bád seascair siúlach?